An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Téarmaí agus Coinníollacha chun Athcheangal leis an Scoil: Clár Samhraidh in Iar-Bhunscoileanna DEIS

Le linn thréimhse dhúnta scoileanna Covid-19, aithnítear go bhfuil a seacht ndícheall déanta ag príomhoidí agus múinteoirí chun a chinntiú go bhfuil daltaí ceangailte fós leis an scoil agus leis an oideachas. Is léir do chách go bhfuil iarracht ollmhór agus an-chuid oibre déanta ag múinteoirí agus príomhoidí ar fud an chórais scolaíochta chun a gcur chuige teagaisc a chur in oiriúint agus chun an t-aistriú chun na cianfhoghlama a éascú. D'ainneoin obair shuntasach a bheith déanta ag leibhéal na scoile chun gach dalta a spreagadh chun foghlama, ní gach dalta a bhí rannpháirteach.

Ag a lán daltaí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, is dúshlán ar leith í an chianfhoghlaim óir is teoranta an deis atá ag go leor de na daltaí seo agus a dteaghlaigh a bheith rannpháirteach san fhoghlaim i dtimpeallacht chianteagaisc. Aithnítear go forleathan gurb iad na daltaí seo is mó atá i mbaol tarraingt siar ó thimpeallacht chianfhoghlama i gcomparáid lena bpiaraí agus is baolach nach n-éireoidh leo dul ar aghaidh go dtí rang níos sinsearaí nó a bheith rannpháirteach athuair leis an scoil.

D'ainneoin iarrachtaí suntasacha a rinne a lán scoileanna a fháil amach cé na constaicí a bhí ann agus réitigh a chur ar fáil, bhí go leor díobh nach raibh in ann teagmháil a dhéanamh le gach dalta. Is é an t-aiseolas ó scoileanna, suirbhéanna Chigireacht ROS agus ó chomhpháirtithe oideachais go bhfuil imní dháiríre i measc múinteoirí go mbeidh deacrachtaí ag páistí agus daoine óga atá ag tarraingt siar ar fhilleadh ar an scoil dóibh agus gur mó an baol fadhbanna rannpháirtíochta ag daltaí an bhliain seo chugainn. Is chuige seo atá an t-áiméar á thairiscint do scoileanna DEIS clár a eagrú chun athcheangal leis an scoil.

Leagtar amach sa doiciméad seo na téarmaí agus coinníollacha bainteacha a ghabhann le heagrú clár samhraidh in iar-bhunscoileanna DEIS agus ba chóir é a léamh le cois Athcheangal leis an Scoil: Treoir ar Chlár Samhraidh in Iar-Bhunscoileanna DEIS

https://www.education.ie/ga/Tuismitheoirí/Seirbhísí/clar-oideachais-samhraidh-2020/ag-athcheangal-leis-an-scoil.pdf

Is é an cuspóir a chinntiú, a oiread agus is féidir, go bhféadfaidh na daltaí seo ath-imeascadh/aistriú go dtí a suíomh réamhbheartaithe oideachais sa chéad scoilbhliain eile lena bpiaraí.

Is clár deonach é agus faomhfar gach iar-bhunscoil DEIS a chuirfidh iarratas isteach.

Treoirlínte Sláinte Poiblí

Is tábhachtach a shonrú gur chóir don Chlár Samhraidh cloí **i gcónaí** le treoirlínte sláinte poiblí reatha maidir le Covid19 agus tá siad seo ar fáil ag

https://www.hse.ie/eng/services/news/newsfeatures/covid19-updates/

Treoirlínte agus Ciorcláin na Roinne Oideachais agus Scileanna

Beidh an Roinn ag eisiúint treoirlínte chun cabhrú le scoileanna athoscailt agus leis seo cuirfear treoir ar fáil do na scoileanna atá ag eagrú clár samhraidh.

Tá gach gnáthchiorclán agus gnáthpholasaí scoile i bhfeidhm freisin, mar shampla iad sin a bhaineann le cosaint leanaí, frithbhulaíocht agus sláinte agus sábháilteacht.

Iarratais

Beidh an fhoirm Léiriú Spéise ar fail lena comhlánú ar shuíomh gréasáin na Roinne ón Aoine 12ú Meitheamh agus ní mór í a chur isteach faoin Aoine 26ú Meitheamh.
https://checkbox.education.gov.ie/checkbox/Clar-odeachais-samhraidh-IarBhunscoileanna-DEIS.aspx

Critéir chun daltaí a chuimsiú:

Tuigeann scoileanna comhthéacs agus cúinsí a gcuid daltaí féin agus is iad is fearr chun a shocrú cé na daltaí is mó a bhainfeadh tairbhe as freastal ar an gclár. Ba chóir tús áite a thabhairt dóibh sin is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais, tarraingt siar ón scoil agus an scoil a fhágáil go luath agus ba chóir treoir a bhaint as téamaí DEIS (féach an treoirdhoiciméad).

Is é 10% de líon rolla Mheán Fómhair 2019 an líon uasta daltaí ar féidir tacú leo i ngach iar-bhunscoil DEIS.

D'fhéadfaí gurbh úsáideach ag scoileanna liosta teagmhais/feithimh daltaí a choinneáil chun a chinntiú gur féidir aon fholúntas a líonadh.

Líon foirne clár samhraidh:

Tá Cóimheas Idir Daltaí agus Múinteoir (PTR) 12:1 le cur i bhfeidhm. Ní mór do gach múinteoir a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus sásta a bheith ag obair ar feadh sheachtain iomlán an chláir.

Is tábhachtach gurb í an Ghaeilge an t-aon teanga chumarsáide i gcláir Ghaelscolaíochta.

Uainiú an chláir samhraidh:

Is faoin scoil atá sé a shocrú cén tseachtain is iomchuí chun an clár samhraidh a eagrú. Cé go meastar gur chomh gar agus is féidir d'athoscailt oifigiúil scoileanna an t-am is fearr chun an clár samhraidh a chur ar fáil, is faoi na scoileanna amháin atá sé seo agus is féidir é a eagrú am ar bith le linn mhí lúil nó Lúnasa.

Ba chóir an t-am a dháiltear a bheith bunaithe ar chlár ama reatha na scoile i dtaca le tús agus deireadh gach lae. Ba chóir do mhúinteoirí am a úsáid ag tús agus deireadh an lae le dul i mbun pleanála agus athbhreithnithe. Ba chóir do dhaltaí tosú ag am nach déanaí ná 10.00 am agus críochnú ag am nach luaithe ná 3.00 pm.

Taisteal

Más amhlaidh go n-aithnítear taisteal chuig agus abhaile ó chlár samhraidh iar-bhunscoil DEIS mar chonstaic ag daltaí áirithe, féadann scoileanna a socruithe iompair féin a dhéanamh agus na costais a ghabhann leis a éileamh ón Roinn, suas go dtí €1,750 sa tseachtain in aghaidh na scoile.

Is tábhachtach a shonrú nár chóir socruithe taistil a dhéanamh ach do na daltaí sin atá ag baint leasa cheana as iompar scoile faoi Scéim Iompar Scoile na Roinne. Féach: https://www.education.ie/ga/Tuismitheoirí/Seirbhísí/Iompar-Scoile/Scéimeanna-Iompair-Scoile/Iarbhunscoil-.html

Bíodh na nithe seo le gach éileamh ar chostais iompair:

1. na hadmhálacha cuí m.sh. admhálacha comhlacht príobháideach bus, admhálacha tacsaí.
2. ainmneacha daltaí ar socraíodh iompar dóibh chuig agus ón gclár samhraidh agus a dheimhniú go bhfuil siad ag baint leas reatha as an scéim iompar scoile iar-bhunscolaíochta.

Maoiniú deontais

Tá deontas iníoctha agus is iad na codanna atá i gceist:

1. Costais Múinteoirí - múinteoirí a bheidh fostaithe ar an gclár, íocfar leo an ráta uaire cuí mar atá leagtha amach i gCiorclán DES 41/2019 ar uaireanta teagmhála ranga agus as aon FGL a dhéanfar féach https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0041_2019_ir.pdf
2. Caipitíoch €30 an dalta – chun aon ábhar dalta, costais thánaisteacha, forchostais srl. a chumhdach

3. Costais riaracháin agus Maoirseora
4. Costais iompair, más infheidhme.

Íocfar an ráta uaire cuí mar atá i gCiorclán DES 41/2019 le múinteoirí a dhéanfaidh obair riaracháin a bhaineann leis an gclár oideachais samhraidh maidir leis an riarachán a ghabhann leis. Tuigtear go bhféadfaí an obair seo a chomhroinnt idir mhúinteoirí. Íocfar uasmhéid carnach de 14 uair an chloig in aghaidh na scoile ar riarachán (beag beann ar an líon daoine a rinne). Áirítear, gan a bheith teoranta do, leis an obair seo:

- Daltaí oiriúnacha agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí a shainaithint agus dul i dteagmháil leo
- A chinntiú gur ann don lóistíocht chuí sa scoil
- Cúrsaí taistil a shocrú, más gá
- An cháipéisíocht ábhartha ar fad a chur faoi bhráid na Roinne

Is é ról an Mhaoirseora an clár a bhainistiú/mhaoirsiú agus ní mór dó/di a bheith i láthair na scoile ó thús deireadh an chláir chun plé le haon deacracht a thiocfadh aníos. Níl cead ag an Maoirseoir a bheith páirteach sa chlár i ról múinteora.

Eiseoidh an Roinn foirmeacha éilimh do scoil ar bith atá rannpháirteach sa chlár samhraidh lena gcomhlánú agus a chur ar ais ag deireadh an chláir. Is é atá beartaithe go n-íocfar gach deontas a bhaineann leis an gclár le scoileanna rannpháirteacha faoin 31 Deireadh Fómhair 2020.

Oiliúint do Mhúinteoirí

Beidh iallach ar gach múinteoir ar na cláir freastal ar sheimineár gréasáin oiliúna/faisnéise a bheidh ina dhá sheisiún. Mairfidh gach seisiún 1 uair 30 nóim ar a fhad. SNSO a d'fhorbair an chéad seisiún agus an fócas ar an tionchar atá ag Covid-19 ar fholláine múinteoirí agus daltaí agus ar athcheangal leis an scoil mar atá cúrsaí faoi láthair. Cumhdófar sa dara seisiún prionsabail an chláir samhradh agus tabharfar comhairle ar an gcur chuige a bheidh i gceist. Cuirfidh na seirbhísí bainteacha tacaíochta ar fáil é.

Taifeadfar na seimineáir ghréasáin agus cuirfear ar fáil iad le gur féidir iad a úsáid athuair agus tá sé beartaithe go gcuirfear an oiliúint seo ar fáil a luaithe is féidir.

Ná chéad chéimeanna eile do scoileanna

Más mian leat an deis a thapú clár samhraidh a eagrú i do scoil, comhairlítear na céimeanna seo a leanas:

- Baill foirne atá sásta a bheith páirteach a shainaithint
- Maoirseoir an chláir a shainaithint
- Critéir a scríobh chun daltaí atá le bheith páirteach a shainaithint
- Socruithe teagmhála a dhéanamh le tuismitheoirí na ndaltaí sin chun a dheimhniú gur féidir leo freastal
- Foirm léiriú spéise a chomhlánú agus a chur isteach. Foirm ar fáil ag https://checkbox.education.gov.ie/checkbox/Clar-odeachais-samhraidh-larBhunscoileanna-DEIS.aspx

Foirm Mheastóireachta an Chláir

Cuirfear Foirm Mheastóireachta an Chláir ar fáil lena comhlánú ag múinteoirí agus daltaí araon.

Polasaithe agus Freagrachtaí:

Ní mór don Bhord Bainistíochta an méid seo a leanas a chinntiú:

- Tá na socruithe riachtanacha uile i bhfeidhm lena n-áirítear árachas, cóiríocht chuí, rannpháirtíocht agus íocaíocht múinteoirí cáilithe as measc na foirne agus a chinntiú go gcomhlíonann an tionscadal gach freagracht dlí, chánachais agus freagrachtaí eile fostóra.

- Maoirseacht éifeachtach airgeadais ar an gclár lena n-áirítear:
    - caitheamh an deontais ar íocaíochtaí údaraithe amháin
    - coinneáil taifead agus admhálacha bunaidh

- tuairisc ar an gclár ullmhaithe a dheimhníonn tinreamh agus ioncam agus caiteachas.

- Tá gach polasaí bainteach scoile i bhfeidhm, curtha chun gnímh agus curtha in oiriúint más gá. Áirítear leo Cosaint Leanaí, Sláinte agus Sábháilteacht, Frithbhulaíocht, Iompraíocht, Teagmhais Chriticiúla agus Bia Folláin.

Ní mór don scoil bearta dóthanacha cosaint leanaí a bheith i bhfeidhm aici don chlár samhraidh agus ba chóir go gcuimseofaí leo gnáthaimh shoiléire thuairiscithe chun a chinntiú go dtuairiscítear láithreach aon chúis imní faoi chosaint leanaí a thagann aníos ina leithéid de ghníomhaíocht nó seirbhís le Tusla de réir cheanglais ábhartha Threoir Tús Áite do Leanaí, 2017 agus an Achta Tús Áite do Leanaí, 2015. Áirítear le gnáthaimh den chineál seo gnáthaimh dhoiciméadaithe chun a chinntiú go gcoinnítear DLP na scoile ar an eolas faoi aon ábhar imní cosaint leanaí a thagann aníos sa ghníomhaíocht nó seirbhís atá i gceist.

I gcomhréir leis an Acht Tús Áite do Leanaí, 2015, cuirtear san áireamh i Ráiteas Cosaint Leanaí agus measúnú riosca na scoile a leithéid de ghníomhaíocht nó seirbhís agus go sainítear na rioscaí dochair a aithnítear agus na gnáthaimh atá i bhfeidhm leis na rioscaí sin a bhainistiú.

Fiosruithe

Ba chóir aon cheist a bhaineann le soláthar samhraidh in iar-bhunscoileanna DEIS a chur de r-phost chuig

SPDEIS@education.gov.ie